

LEABHRÁN EOLAIS DON IARRTHÓIR

DEIS DO BHAINISTEOIR (GRÁD VII)

AN DÁTA DEIRIDH: 15:00, 11 NOLLAIG 2024

Údarás: Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Suíomh: 26 – 27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2

Déan teagmháil le: recruit@qqi.ie

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.



CLÁR

| | |
|---|----|
| Maidir le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI) | 3 |
| Jabshonraíocht..... | 6 |
| Príomhchoinníollacha Seirbhíse..... | 7 |
| Cuid II (Coinníollacha eile a bhaineann le daoine a cheapfaí sa phost seo)..... | 8 |
| An Próiseas Iomaíochta..... | 11 |
| Rúndacht..... | 12 |
| Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018 | 13 |

Maidir le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

Is gníomhaireacht stáit é QQI atá freagrach as Cáilíocht, ionracas agus cáil chóras breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann a chur chun cinn.

A chinntiú go mbainfidh foghlaimeoirí cáilíochtaí amach a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Eolas iontaofa ar na cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar fáil.

Tá roinnt feidhmeanna tábhachtacha ag QQI:

Cáilíochtaí

I réimse na gcáilíochtaí, táimid freagrach as an [CNC](#) (An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí) deich leibhéal a chothabháil. Is comhlacht dámhachtana muid, leis, agus déanaimid caighdeán na ndámhachtainí a dhéanaimid sa CNC a shocrú agus a athbhreithniú. Cuirimid comhairle ar fáil, leis, ar aitheantas do cháilíochtaí eachtracha in Éirinn agus ar aitheantas do cháilíochtaí Éireannacha thar lear. Foilsíonn QQI eolaire de sholáthraithe agus de dhámhachtainí an CNC.

Dearbhú Cáilíochta

Táimid freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá dearbhú cáilíochta i soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna, lena n-áirítear:

- ollscoileanna,
- institiúidí teicneolaíochta
- boird oideachais agus oiliúna (BOOnna)

Déanaimid cáilíochtaí soláthraithe sna hearnálacha príobháideacha breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna a dhearbhu, leis, agus ceadaímid cláir dá gcuid as a leanann dámhachtainí QQI.

Fís, Misean agus Luachanna QQI

Ár bhFís

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais ar ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach.

Ár bhFís

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais

d'ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimoírí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach.

Ár Luachanna

Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a n-oibrímid lenár ngeallsealbhoírí ar luachanna soiléire.

Creidimid go bhfuil freagracht i bpáirt againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gur fearr ár dtosaíochtaí agus ár gcuspóirí a bhaint amach trí chomhoibriú agus oibriú go cuiditheach lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla. Is mór againn comhpháirtíochtaí ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid meas a léiriú ar oibiachtúlacht, trédhearcacht agus inbhuanaitheacht inár gcuid oibre. Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí. Tá siad seo bunaithe ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá siad údarásach agus seoltar iad ar shlí ionraic atá trédhearcach agus trína gothaítear muinín.

Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail. Is mór againn an fhaisnéis, an léargas agus an tionchar -- an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibriúcháin.

Is eagraíocht muid atá ag foghlaim. Táimid tiomanta don nuáil agus don bharrmhaitheas.

Ag obair do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Tugann gairm leis QQI deis uathúil chun seirbhísí agus rialáil thábhachtach a sholáthar ar fud na hearnála breisoideachais agus oiliúna agus san earnáil ardoideachais araon.

Mar chomhlacht reachtúil, tá ár bpríomhfheidhmeanna leagtha amach sa dlí, ach déantar ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus ár n-imscaradh acmhainní a chinneadh gach trí bliana inár ráiteas straitéise, ina gcuirtear coinníollacha comhshaoil san áireamh. Agus tréimhse an Ráitis Straitéise 2022 - 2024 ag druidim chun deiridh táimid ag féachaint lenár gcúigiú ráiteas straitéise a sheoladh, ina leagtar amach ár dtosaíochtaí don tréimhse 2025-2027.

Dá réir sin, tá an tsraith príomhthosaíochtaí agus cumasóirí seo a leanas aitheanta againn chun ár gcuid oibre a threorú agus ár n-acmhainní a dhírú thar shaolré na straitéise seo.

Tosaíocht straitéiseach – an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chosaint don todhchaí

Tosaíocht straitéiseach – rialáil, treoirlínte, comhairle agus seirbhísí iontaofa a sheachadadh

Tosaíocht straitéiseach – léargais, taighde agus anailís luachmhar ar fud an chórais a chomhroinnt

Tosaíocht straitéiseach – comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhoimhniú

Tosaíocht straitéiseach – eagraíocht athléimneach agus lúfar a chruthú

Comhthéacs do Phost an Bhainisteora

Is ról tábhachtach meánbhainistíochta é Bainisteoir (Grád VII) agus tá QQI ag iarraidh roinnt post buan a líonadh agus painéal a bhunú ó na hagallaimh, mairfidh an painéal go ceann 12 mhí.

Táimid ag súil le Grád VIIanna a cheapadh a oibreoidh i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

- Taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil oideachais
- Bainistíocht Faisnéise
- Dlí agus cleachtas rialála
- Dearbhú cáilíochta oideachais
- Oideachas idirnáisiúnta

Sochair d'Fhostaithe

Is mór againn ár bhfostaithe agus infheistímid ina sláinte, ina leas agus ina sábháilteacht ag an obair agus déanaimid soláthar do Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe. Soláthraímid tacaíocht agus spreagadh don fhoireann chun go gcomhlíonfaidh siad gach gealladh atá fúthu trí dheiseanna oideachais agus oiliúna. Cuirimid uaireanta cumaisc/hibrideach, obair dhúshlánach agus tairbhí ar fáil freisin a chuimsíonn:

- Ballraíocht i Scéim Aoisliúntais
- Scéim Saoire Bhreitheachta
- Obair ón mBaile
- Saoire Am Téarma
- Saoire Mháithreachais
- Saoire Tuismitheora
- Saoire Tuismitheoirí
- Sosanna Gairme
- Saoire Scrúduithe agus Staidéir

Déanaimid soláthar don iliomad roghanna coigilte cánach do sholáthraithe iompair éagsúla. Táimid páirteach sa scéim Rothar chun na hOibre agus éascaímid roinnt asbhaintí árachais sláinte agus asbhaintí párolla eile.

Marc KeepWell

Tá aitheantas faighte ag QQI ó IBEC as a dháiríre atáimid faoi fholláine na bhfostaithe. Tá an KeepWell Mark baint amach againn trína n-aithnítear go gcuireann QQI folláine a chuid fostaithe Is aitheantas é an dámhachtain seo go dtugann QQI tús áite d'fholláine na bhfostaithe i mbeartas na heagraíochta. Tríd an bhfeabhsú leanúnach atá á dhéanamh againn chun na caighdeáin arna socrú ag Ibec is údar mórtais dúinn go bhfuil Cuideachta na Bliana (FBM) 2024 bainte amach againn. Aithnítear tríd an ngradam seo ár dtiomantas don fheabhsú leanúnach, agus ár n-uaillmhian a bheith mar fhostóir céadrogha.



Is Fostóir Comhdheiseanna é QQI

Gheofar tuilleadh eolais ar obair Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ag www.qqi.ie

Jabshonraíocht

Príomhchúraimí

Tuairiscíonn Bainisteoirí Grád VII d'Ardbhainisteoir nó do Cheann Feidhme agus tá cúram orthu as raon leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do

- Foireann a Bhainistiú
- Anailís a dhéanamh ar ábhair chasta agus tuairiscí agus aighneachtaí a ullmhú;
- Tionscadail a bhainistiú
- Rannpháirtíocht ar Choistí Bhord QQI
- Ionadaíocht a dhéanamh ar son QQI ag cruinnithe, comhdhálacha, i gcásanna áirithe thar lear
- Caidreamh rialta lenár bpáirtithe leasmhara go náisiúnta agus do hidirnáisiúnta

Riachtanais do Ghrád VII

Eolas agus Taithí Riachtanach

Beidh an taithí seo a leanas ag an iarrthóir idéalach:

Cáilíochtaí agus Taithí:

- Tá cáilíocht Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó a chomhionann inmhianaithe.
- Beidh eolas agus tuiscint ag iarrthóirí ar earnáil oideachais na hÉireann nó beifear in ann an t-eolas sin a shealbhú gan mhoill.
- Sárscileanna TF agus digiteacha
- Tá taithí ar bhainistíocht buiséid inmhianaithe.

Cumais Riachtanacha:

- Caithfidh iarrthóirí a bheith in ann fianaise a léiriú go bhfuil sármhaitheas á seachadadh trí obair agus acmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus torthaí ardchaighdeán a tháirgeadh.
- Ní mór d'iarrthóirí taithí a léiriú ar chásanna inar bhain siad úsáid éifeachtach as scileanna anailíse, breithiúnais agus cinnteoireachta agus réiteach fadhbanna.
- Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go bhfuil scileanna maithe cumarsáide agus tionchair acu agus gur féidir leo obair bhuíne a dhéanamh go héifeachtach agus caidreamh a chothú.
- Ní mór d'iarrthóirí a léiriú gur féidir leo foireann a threorú, a spreagadh agus a fhorbairt.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Cuid 1 (Coinníollacha a bhaineann go sonracha leis an bpost seo)

Pá

Seo a leanas an scála tuarastail don phost seo:

€58,252, €59,696, €61,340, €63,010, €64,682, €66,177, €67,699, €69,179, €70,653, €73,186(1), €75,729.

(1) Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid.

(2) Tar éis seirbhís shásúil 6 bliana ag an uasmhéid.

Féadfar breiseanna a dhámhadh faoi réir sheirbhís shásúil agus athruithe sna téarmaí agus coinníollacha maidir le breiseanna tuarastail sa Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí i gcoitinne.

Féadfar an ráta pá a mhionathrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

Tuarastal:

Déanfar an ceapachán ar an scála tuarastail ag pointe atá ar aon dul le beartas pá reatha an Rialtais. Tosóidh iontrálaithe nua isteach sa státseirbhís nó san earnáil phoiblí, mar a shainítear iad i gCiorclán 18/2010, ar an gcéad phointe den scála tuarastail.

Is féidir go mbeidh pá agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm, má bhí an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina sheirbhíseach poiblí roimh an cheapachán.

Saoire Bhliantúil:

29 lá oibre a bheidh sa tsaoire bhliantúil. Níl laethanta saoire phoiblí san áireamh ansin.

Uaireanta Tinrimh:

Beidh na huaireanta oibre de réir ghnáthshocruithe QQI agus ionann le líon uaireanta nach lú ná 35 (glan ar shosanna) sa tseachtain.

Ní íocfar aon suim bhreise as tinreamh breise toisc go gclúdaíonn an ráta luach saothair aon tinreamh breise eisceachtúil a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ó am go chéile.

Cuid II (Coinníollacha eile a bhaineann le daoine a cheapfaí sa phost seo)

1. **Tionacht:** Post buan i QQI a bheidh anseo.

Ní mór don té a cheapfar tréimhse phromhaidh a chomhlíonadh, a mhairfidh sé mhí de ghnáth. Má bhíonn seirbhísí an cheapaí sásúil ó thaobh sláinte, iompar agus éifeachtúlacht i gcoitinne le linn na tréimhse promhaidh, ceapfar an duine sin ar bhonn buan ag deireadh na tréimhse. Má bhíonn an tseirbhís neamhshásúil, féadfar an ceapachán a fhoirceannadh uair ar bith le linn na tréimhse promhaidh.

2. **Dualgais:** Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh an té a cheapfar gach dualgas a bhaineann leis an bpost seo (a d'fhéadfaí a athbhreithniú ó am go chéile).

3. **Fostaíocht Lasmuigh den Eagraíocht** Post lánaimseartha é seo agus ní mór don té a cheapfar aon bhaint le fostaíocht/leasanna gnó lasmuigh a sheachaint, más amhlaidh go bhfuil siad nó go bhféadfaidís a bheith i gcoimhlint. Ní mór soiléiriú a iarraidh ón lucht bainistíochta má tá amhras ann.

4. **Saoire Bhreiteachta:** Is féidir saoire bhreiteachta ar phá iomlán a cheadú faoi lánrogha Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí de réir nósanna imeachta bunaithe agus coinníollacha don tseirbhís poiblí i gcoitinne.

5. **Scor agus Aoisliúntas:** Tairgfear téarmaí pinsin agus coinníollacha aoise pinsin na seirbhíse poiblí don té a cheapfar de réir na socruithe pinsin sa QQI ag brath ar stádas an té a cheapfar:

- a) I gcoitinne, beidh duine nach bhfuil aon stair seirbhíse poiblí inphinsin aici nó aige sna 26 seachtain roimh an ceapachán ina bhall den Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (An Scéim Aonair) a thosaigh an 1 Eanáir 2013 (tagraíonn Alt 10 den Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 di);
- b) Beidh duine ar bith atá ar iasacht ina bhall i gcónaí de scéim pinsin na máthairchuideachta agus bunófar an tuarastal inphinsin ar a ghrád nó a grád substaintiúil .i. an grád ag a bhfuil an duine sin fostaithe ina m(h)áthairchuideachta.
- c) Duine ar bith a bhí ina bhall de “scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana” mar a fhorléireofar san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 agus nach gcáilíonn do bhallraíocht sa Scéim Aonair, beidh sé nó sí ina bhall de Scéim Pinsin Foirne QQI agus de Scéim Ghaolmhar na gCéilí agus na Leanaí;
- d) An uair a thairgfear an ceapachán, déanfaidh QQI i gcomhar leis an Roinn Oideachais & Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe, más gá, i bhfianaise stair fostaíochta Sheirbhís Phoiblí an té a cheapfar roimhe seo agus/nó stair fostaíochta eile), na téarmaí agus coinníollacha cuí pinsin a chinnfidh a chuirfear i bhfeidhm go ceann thréimhse an ceapacháin. Ceanglófar ar cheapaithe a stair iomlán seirbhíse poiblí a nochtadh. Cuirfear sonraí na bhforálacha cuí pinsin ar fáil nuair a chinnfear stádas an té a cheapfar;

e) De réir fhorálacha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha). 2004, ní ceadmhach do bhaill foirne dul ar scor roimh a 65ú breithlá ach amháin más drochshláinte is cúis leis. Tá socruithe éagsúla scoir i bhfeidhm i gcás foireann a bhí fostaithe sa tseirbhís phoiblí roimh an Acht 2004 réamhluaite;

f) Ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

□ **Fabhrú Pinsin:** Beidh teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán a áireamh i leith pinsin i gcás ina mbaineann an duine le níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana. Tháinig an Scéim Aonair, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, isteach le héifeacht an 28 Iúil 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí ann d'aon cheapaí a bhfuil ceartha pinsin faighte aici/aige i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

□ **Laghdú Pinsin:** Leathnaíodh laghdú pinsin faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 ionas go ndéantar laghdú ar phinsean seirbhíse poiblí duine ar bith a théann ar ais isteach i bhfostaíocht seirbhíse poiblí, fiú nuair is i réimse difriúil den tseirbhís phoiblí an fhostaíocht nua. Ach más amhlaidh go raibh an té a cheapfar fostaithe sa státseirbhís roimhe seo agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe deonacha luathscoir (seachas Scéim Dreasaithe Luathscoir (ISER) nó VER/VRS Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a chuireann an duine as an áireamh don chomórtas, mar a mhínítear thíos), beidh deireadh leis an teidlíocht ar íoc an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís a thug an té an cheapaí roimhe seo a chur san áireamh ar mhaithe le haon dámhachtain pinsin amach anseo dá gcáileodh an duine sin.

□ **Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna Imlitir 102/2007:** Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, ach amháin i gcásanna atá leagtha amach i bparagraif 10.2 agus 10.3 den chiorclán reatha, agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le scor luath faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear í nó é ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, cuirfear deireadh láithreach le híoc pinsin an duine sin faoin scéim. .Atosófar den phinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht pinsin á ríomh).

□ **Scor Drochshláinte:** Cuir san áireamh go bhféadfadh pinsean duine a chuaigh ar scor ó chomhlacht státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar chúiseanna drochshláinte a bheith faoi réir athbheithniú de réir rialacha na scéime scoir drochshláinte laistigh den scéim pinsin na fostaíochta sin.

6. **Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais (RBA)** Déanfar an ceapachán seo faoi réir ASC i gcomhréir le beartas an rialtais gov.ie - [Rátaí agus Tairseacha Athbheithnithe maidir leis an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais le héifeacht ón 1 Eanáir 2020 \(www.gov.ie\)](http://gov.ie).

7. **Incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus srianta áirithe ar incháilitheacht Riachtanais Saoránach.**

Ní mór d'iarthóirí incháilithe a bheith i gceann de na grúpaí seo a leanas:

1. Saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin atá i gceist leis an LEE; nó
2. Saoránaigh de chuid na hEilvéise de bhua chomhaontú idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó

3. Saoránaigh neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE nó Eilvéiseach agus a bhfuil víosa stampa 4 aige; nó
4. Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta faighte aige faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó
5. Saoránaigh neamh-LEE ar tuismitheoir í/é de leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a bhfuil cónaí air nó uirthi ann agus a bhfuil víosa stampa 4 aici/aige.

Nóta maidir le saoránaigh an RA: Deimhníodh san idirbheartaíocht AE/Breathimeacht RA a cuireadh i gcrích le déanaí go bhfuil an Comhaontú Comhlimistéar Taistil le fada an lá idir an RA agus Éire gan athrú tar éis an Bhreathimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh na RA incháilithe chun dul i mbun oibre agus cónaí in Éirinn gan srian agus, dá bharr sin, iarratas a dhéanamh chun dul isteach sa chomórtas seo i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta cáilitheachta eile go léir

8. **An Scéim Luathscor Dreasaíthe:** Is coinníoll é den Scéim um Luathscor Dreasaíthe (ISER), mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 na Roinne Airgeadais, toirmeasc a bheith ar lucht scoir, faoin scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní ghlacfar le hiarratais ó dhaoine atá ag baint leas as an scéim sin.
9. **Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):** Tugadh isteach le Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte agus Leanaí den 1 Samhain 2010 Spriocscéim le haghaidh Luathscor Deonach (VER) agus Iomarcaíocht Dheonach (VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach gcáileoidh daoine a bhaineann leas as an scéim le cur isteach ar athfhostaíocht san earnáil sláinte poiblí nó san earnáil poiblí i gcoitinne, nó i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach as cistí poiblí. Tá feidhm ag an gcosc céanna ar athfhostaíocht faoin scéim VRS ach ní mhairfidh an cosc ach go ceann seacht mbliana agus caithfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe toiliú a thabhairt i gcás aon athfhostaithe ina dhiaidh sin. Daoine a bhain leas as aon cheann den dá scéim sin, ní cháileoidh siad chun dul isteach sa chomórtas seo.
10. **Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**
Le litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 d'Oifigigh Pearsanra, tugadh isteach, le héifeacht ó 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann a rinneadh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia do sheirbhísigh poiblí. Is coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís poiblí in aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainítear sna Beartais Éigeandála Airgeadais sna hAchtanna um Leas an Phobail 2009-2011) go ceann dhá bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de dhíth sula n-athfhostaítear an t-iarrthóir. Daoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh áit a bhaint amach sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go gcáilíonn siad chun an post a ghlacadh (deireadh a bheith tagtha leis an tréimhse neamhcháilitheachta) agus beidh toiliú an Aire de dhíth sular féidir glacadh le haon fhostaíocht le comhlacht seirbhíse poiblí.
11. **Dearbhú stair fostaíochta seirbhíse poiblí roimhe seo:**
Iarrfar ar na hiarratasóirí a dhearbhu cibé ar bhain siad leas roimhe seo as scéim seirbhíse poiblí do luathscor dreasaíochta agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteanna atá luaite thuas. Beidh ar iarratasóirí a dhearbhu, leis, cibé an bhfuil aon teidlíocht acu ar phinsean

seirbhíse poiblí (atá á íoc nó atá forchoimeáda) ó aon fhostaíocht seirbhíse poiblí eile agus/nó an bhfuair siad íocaíocht in áit seirbhíse in aon fhostaíocht seirbhíse poiblí.

An Próiseas Iomaíochta

Conas iarratas a dhéanamh:

Ba chóir iarratas a dhéanamh trí CV reatha agus litir chumhdaigh a chur isteach, mar aon le ráiteas tacaíochta mar a mhínítear thíos ina leagtha amach a oiriúnaí atá an t-iarrthóir don phost, i ríomhphost chuig Celine Kelly, Bainisteoir Acmhainní Daonna ag recruit@qqi.ie tráth nach déanaí ná 3 a chlog tráthnóna 11 Nollaig 2024.

Ráiteas Tacaíochta: Caithfear ráiteas tacaíochta **a chur ar fáil** - tabhair na cúiseanna a bhfuil tú ag cur isteach ar an bpost seo. Déan tagairt do na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa roinn “Eolas agus Taithí Riachtanach” agus mínigh an tslí a gcomhlíonann tú gach inniúlacht díobh trí shampla amháin ar a laghad a sholáthar (200 focal ar a mhéad go gach sampla)..

Ceanglófar ar iarratasóirí dearbhú mar atá tugtha i bparagraf 11 a sholáthar.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh

Modhanna Roghnúcháin

Is féidir iarrthóirí a ghearrliostú mar chuid den phróiseas roghnúcháin ar bhonn na faisnéise a chuireann siad ar fáil ar a bhfoirm iarratais agus in

- agallamh
- teistiméireachtaí sásúla (ní dhéanfar teagmháil le teistiméirí gan comhaontú an iarrthóra a fháil roimh ré)

Forchoimeádaí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an ceart iarraidh ar iarrthóirí an dara hagallamh a dhéanamh.

Gearrliostú

De ghnáth is mó iarratas a fhaightear ar phost ná an líon is gá chun folúntais atá anois ann agus folúntais todhchaí sa phost seo a líonadh. I gcás ina gcomhlíonann iarrthóir riachtanais cháilitheachta an chomórtais, más amhlaidh go gcuireann líon chomh mór sin isteach ar an gcomórtas nach mbeadh sé praiticiúil an uile iarrthóir a chur faoi agallamh, féadann QQI cinneadh a dhéanamh gan ach líon beag a chur faoi agallamh. Maidir leis seo, déanann QQI soláthar le haghaidh próiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú le cur faoi agallamh ar cosúil, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais, gurb iad is oiriúnaí don phost. Scrúdóidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais i gcomparáid le critéir réamhshainithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó éagumasach ar an bpost a dhéanamh, ach go bhfuil, ar an ócáid seo, roinnt iarrthóirí, ar bhonn a n-iarratas, atá cáilithe níos fearr, agus/nó a bhfuil taithí níos ábhatha acu. Mar sin is é do leas é cuntas mionsonraithe agus cruinn ar do cháilíochtaí/taithí a chur ar fáil i d'iarratas.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, leasaithe, caithfear le gach iarratas mar iarratas faoi rún.

Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh QQI freagrach as aon chostais a thabhoídh iarrthóirí.

Ní chiallaíonn sé, má ghactar le duine isteach i gcomórtas, nó má fhaigheann sí/sé cuireadh chun agallaimh, go bhfuil QQI sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil sí/sé dícháilithe faoin dlí don phost agus ní aon ráthaíocht é go mbreithneofar an t-iarratas tuilleadh. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtuigfeá gur ortsa an t-ualach a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilitheachta don chomórtas sula dtagann tú chun agallaimh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo ach má thugann tú chun agallaimh, beidh tú ag tarraingt costais neamhriachtanacha ort féin.

Sula moltar iarrthóir ar bith a cheapadh sa phost seo, déanfaidh QQI gach fiosrú is dóigh atá riachtanach chun a fháil amach an bhfuil an t-iarrthóir oiriúnach. Ní féidir aon chinneadh deiridh a dhéanamh go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích, agus níor chóir a mheasadh ná glacadh leis go bhfuil an cinneadh déanta.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don phost glacadh leis an bpost, nó tar éis glacadh leis, má fhágann sí/sé é nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh QQI, faoina lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh, bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Oibleagáidí iarrthóirí

Cuirtear in iúl d'iarrthóirí go ndícháileoidh canbhasáil agus go gcuirfear amach as an gcomórtas iad dá bharr.

Níor chóir d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go heolach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil le spreagadh nó gan spreagadh
- cur isteach ar an bpróiseas nó dochar ar bith a dhéanamh dó

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

Duine ar bith a sháraíonn ceann de na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine ar bith aon cheann de na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcoir. Duine ar bith a fhaightear ciontach i gcion, dlífead fíneáil agus/nó téarma príosúnachta air/uirthi.

Anuas ar sin, i gcás ina raibh nó ina bhfuil duine a ciontaíodh i gcion ina iarrthóir sa phróiseas earcaíochta, ansin:

- i gcás nár ceapadh sa phost í/é, dícháileofar í/é mar iarrthóir; agus
- i gcás inar ceapadh é/í tar éis an phróisis earcaíochta i dtrácht, géillfidh sé/sí an ceapachán sin.

Iarrthóireacht a mheas mar iarrthóireacht atá tarraingthe siar

Iarrthóirí nach dtagann chun agallaimh nó scrúdaithe eile san áit agus ag an am a shocróidh QQI, nó nach soláthraíonn fianaise a iarrann QQI orthu, nuair a iarradh é, maidir le haon ghnó atá bainteach lena n-iarrthóireacht, ní bheidh siad i dteideal aon bhreithnithe eile.

Seirbhís Cháilíochta do Chustaiméirí

Féachaimid le seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile. Má tá tú míshona, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a fuair tú uainn, iarraimid ort é sin a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne i dtrácht. Tá tábhacht leis seo mar go gcinntíonn sé go mbíimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn gníomhú chun an fhadhb a réiteach.

Cuirfear aiseolas ar fáil ach iarratas a dhéanamh i scríbhinn.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018

Nuair a gheofar d'fhoirm iarratais, cruthófar taifead faoi d'ainm, ina gcoinneofar mórchuid den fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus coinneoidh QQI eolas áirithe a chuireann tú ar fáil, má éiríonn leat sa chomórtas. Coinnítear an t-eolas sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2018. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2018, seol iarratas i scríbhinn chuig: Saoráidí, QQI, 26 – 27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2, agus cinntigh go ndéanann tú cur síos ar na taifid atá uait a mhéad is féidir chun gur féidir linn an taifead i dtrácht a shainaithint. Ba chóir €6.35 de tháille a chur leis an iarratas. Ba chóir an íocaíocht a dhéanamh i bhfoirm dréacht bainc, ordú airgid nó seic pearsanta, iníoctha le 'QQI'

Ráiteas Príobháideachta an Iarratasóra Rialtóir Sonraí - Quality and Qualifications Ireland

Cuspóir na Próiseála

Seolann QQI próisis earcaíochta chun folúntais san eagraíocht a líonadh. Agus iarratasóirí ag cur isteach ar na comórtais seo, iarrtar orthu raon doiciméad a chur isteach, m.sh. foirm iarratais, CV agus/nó litir chlúdaigh.

| Faighteoir/Comhroinnte le | Cúis |
|---------------------------|---|
| Recruitment Plus/QQI HR | Iarratais a fháil agus a admháil agus comhfhreagras a dhéanamh le hiarratasóirí. Is gá faisnéis áirithe le cur san áireamh i gconarthaí d'iarratasóirí a n-éiríonn leo. |
| Bord Roghnúcháin | Faisnéis is gá don ghearrliostú agus don phróiseas agallaimh. |
| Fostóir reatha | Seiceálacha ar shaoire bhreuiteachta agus seiceálacha ar theistiméirí i gcás iarratasóirí nach seirbhísigh phoiblí iad. |

Teidlíochtaí na nIarratasóirí

Aithníonn go bhfuil teidlíochtaí ag iarratasóirí agus tá na teidlíochtaí sin leagtha amach thíos.

Rochtain

- Féadfaidh iarratasóirí a gcuid sonraí a iarraidh agus a fháil uair ar bith agus cóip de na sonraí seo a iarraidh agus a fháil, i bhformáid leictreonach/inaistrithe.

Léirscriosadh

- Féadfaidh iarratasóirí léirscriosadh na sonraí atá i seilbh a iarraidh.

Ceartú

- Féadfaidh iarratasóirí ceartú a dhéanamh ar aon fhaisnéis mhícheart.

Agóid

- Féadfaidh iarratasóirí agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil na faisnéise seo.

Gearán

Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí “OCS” (sonraí teagmhála thíos) agus/nó gearán a dhéanamh leis an údarás cuí – an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn

Sonraí teagmhála OCS QQI

Ríomhphost: dpo@qqi.ie

Nó

Oifigeach Cosanta Sonraí
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
26 – 27 Lána Denzille
Baile Átha Cliath 2.
D02 P299

Gheofar tuilleadh eolas ar chosaint sonraí:

Ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí – www.dataprotection.ie

Déan teagmháil le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an bhfón ar 1890 252231 nó le ríomhphost ar info@dataprotection.ie